



<b>Title</b>	Brian Merriman: guth aonair?
<b>Authors(s)</b>	Ní Úrdail, Meidhbhín
<b>Publication date</b>	2008-07
<b>Publication information</b>	Ní Úrdail, Meidhbhín. "Brian Merriman: guth aonair?" The National University of Ireland, July 2008.
<b>Publisher</b>	The National University of Ireland
<b>Item record/more information</b>	<a href="http://hdl.handle.net/10197/9800">http://hdl.handle.net/10197/9800</a>

Downloaded 2026-04-30 04:41:26

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd\_oa)



© Some rights reserved. For more information

BRIAN MERRIMAN: GUTH AONAIR?

1. RÉAMHFHOCAL

Is beag eolas cinnte atá inniu againn i dtaobh Bhriain Merriman. Is eol gur cailleadh é ar 27 Iúil 1805 i gcathair Luimní mar ar chaith sé tréimhse ama ag obair mar mhúinteoir matamaitice. Is i bhfógra báis san *General Advertiser and Limerick Gazette* agus san *Clare Journal*, Dé Luain, 29 Iúil 1805, a tugadh an t-eolas: ‘Died on Saturday morning in Old Clare Street, after a few hours of illness, Mr Bryan Merryman, teacher of Mathematics etc.’, agus foilsíodh fógra dá shórt i mBaile Átha Cliath san *Hibernian Magazine* agus san *Dublin Journal* i mí Lúnasa 1805.<sup>1</sup> Ina theannta san, feirmeoir fuinte lín ab ea Merriman mar gur bronnadh dhá thuirne lín air ar son an fhómhair a bhain sé sa bhliain 1796.<sup>2</sup>

Is ar a dhán *Cúirt an Mheán Oíche* (CMO) is mó, gan dabht, atá cáil ar an bhfile féin. Chum sé dhá dhréacht ghearra eile chomh maith, áfach: ‘An Poitín’ is teideal do dhán amháin acu so, dán grinn ina gcuireann Merriman síos ar a thuras abhaile tar éis seisiún fada óil.<sup>3</sup> Ar a shon san, bhain an taobh dáiríre leis chomh maith, mar a léiríonn an aisling pholaitiúil ‘An Mhacalla’ a dhíríonn ar éagóracha sochpholaitiúla agus soch-chultúrtha i dTuamhain a linne féin.<sup>4</sup> Ar fhianaise an dá dhréacht ghearra so, mar sin, fara CMO, gan amhras, is féidir a mheas gur bhain idir mhagadh agus dháiríre go mór le Brian Merriman an duine.

Is éifeachtach mar a chuireann Merriman an magadh in ócáid in CMO chun léargas a thabhairt ar an ngné dháiríre den saol. Braithimid a dháiríreacht, measaim, nuair a bhíonn na saghasanna éagsúla smachta a brútar ar an duine i gceist aige. I dtús an dáin, cuirim i gcás, tagraíonn an báille mná do ‘gach díth ar chríochaibh Fáil’ (l. 76) agus liostálann sí éagóracha éagsúla sochpholaitiúla agus soch-chultúrtha a bhí forleathan in Éirinn i ndeireadh an ochtú céad déag:

Gan sealbh gan saoirse ag síolrach seanda,  
ceannas i ndlí ná cíos ná ceannphoirt,  
scriosadh an tír is níl ’na ndiaidh  
in ionad na luibheanna acht flíoch is fiaile,  
an uaisle b’fhearr chum fáin mar leghadar  
is uachtar lámh ag fáslaigh shaibhre  
ag fealladh le fonn is foghail gan féachaint  
d’fheannadh na lobhar ’s lom dá léirscrios.  
Is dochrach dubhach, mar dhiú gach daoirse,

<sup>1</sup> Risteárd Ó Foghludha, *Cúirt an Mheadhon Oidhche* (Baile Átha Cliath 1912) 171; cf. Brian Ó Dálaigh, ‘Poet of a single poem, Brian Merriman (c. 1749-1805)’ in *County Clare studies: essays in memory of Gerald O’Connell, Seán Ó Murchadha, Thomas Coffey and Pat Flynn*, eag. Ciarán Ó Murchadha (Ennis 2000) 101-36 (ag lch 128).

<sup>2</sup> *A list of persons to whom premiums for sowing flax seed in the year 1796 have been adjudged by the trustees of the linen manufacture*, luaite in Ó Dálaigh, ‘Poet of a single poem’ 127; cf. Seán Ó Tuama, ‘Cúirt an Mheán Oíche’ *Cúirt, tuath agus bruachbhaile: aistí agus dréachtaí liteartha* (Baile Átha Cliath g.d.) 7-37 (ag lch 34, n. 2).

<sup>3</sup> Liam P. Ó Murchú, *Cúirt an Mheon-Oíche le Brian Merriman* (Baile Átha Cliath 1982) 108-9. Sleachta as CMO as lua as an bhfoinse seo feasta.

<sup>4</sup> *ibid.* 106-7.

doilbheadh dúr an dúcheilt dlíthe,  
an fann gan feidhm ná faighidh ó éinne  
acht clampar doimhin is loighe chum léirscris,  
falsacht fear dlí is fachnaoide airdnirt,  
cam is calaois, faillí is fábhar,  
scamall an dlí agus fiordhath fannchirt,  
dalladh le bríb, le fis, le falsacht. (ll 77-92)

Is é an smacht éagórach a bhí ag córas an chleamhnais agus an phósta ar an bpobal in Éirinn san ochtú céad déag is mó, áfach, ba chás le Merriman. Áitítear go diongbhála sa dán, nach gá – agus go deimhin nach ceart – glacadh leis mar chóras mar gur féidir leis an duine síolrú go nádúrtha cheal an phósta. Fairis sin, áitítear gur ceart fáil réidh ar fad le riail na geannnaíochta agus fágaint faoi na sagairt féin pósadh más é a dtoil é chuige. A fhaid ar a ghiorracht, mar sin, cáineadh ar aon laincis a chuireann cosc ar shaoirse an duine atá á dhéanamh in CMO agus bunchearta an duine – saoirse aigne agus saoirse coirp – atá á n-éileamh ann.<sup>5</sup>

## 2. Saoirseacht focal

Tá sé le tuiscint ón dtráchtairacht chritice ar CMO gurb í teanga an dáin féin is mó atá le moladh. Sa chéad eagrán scolártha a foilsíodh fara aistriúchán Gearmáinise, mar shampla, thagair Ludwig Stern do bhunúlacht na filíochta a thug Brian Merriman thar aon fhíle Muimhneach eile leis: bhain rithim neamhchoitianta fara máistreacht teangan léi mar fhilíocht agus bhí, ar an mbonn san, aitheantas tuillte ag an té a chum í:

Nun muss unter den vielen Dichtern Munsters Brian Merriman unsere Aufmerksamkeit fesseln, da er seine Kraft nicht an das Abgenutzte verschwendet hat, sondern mit einer eigenartigen Poesie auf dem Plane erscheint. Wie er durch Originalität die andern überragt, so steht er in der rhythmischen Verskunst und in der Meisterschaft der Sprache keinem nach und scheint aus diesen Gründen die Sorgfalt zu verdienen, die ich ihm zu widmen gedenke.<sup>6</sup>

Uimis sin, bhain filíocht Mherriman barr a fiúntais amach, dar le Stern, sa rithim chainte agus sa bhfriotal. Dob amhlaidh ag Frank O'Connor é:

Merryman at least was not afraid of the fundamental brain-work of poetry and Irish life, and even if one does not share them, one should admire the fierce intellectual energy with which they are expressed. ... Had Merryman been able to write in English – an English with the magnificence of his Irish

---

<sup>5</sup> 'The Aisling poet Merriman also dreams of the liberation of the people but for him it is a civil and psychological liberation of the individual, at the carnal level first, that counts rather than some impossible political liberation in terms of a bygone age' (Gearóid Ó Cruaíoch, 'The vision of liberation in *Cúirt an Mheán Oíche*' in *Folia Gadelica. Essays presented to R. A. Breatnach*, ead. Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Pádraig Ó Riain (Cork 1983) 95-104 (ag lch 99)).

<sup>6</sup> Ludwig Christian Stern, 'Brian Merrimans *Cúirt an Mheadhóin Oidhche*' *Zeitschrift für celtische Philologie* 5 (1905) 193-415 (ag lch 195).

– his work would probably have been more famous than that of Burns, for I think he was a great master of language.<sup>7</sup>

Fairis sin, sa réamhrá a ghabhann leis an eagrán de CMO a réitigh Dáithí Ó hUaithne do Chumann Merriman sa bhliain 1968, thagair Seán Ó Tuama don ‘líofacht, líofacht dhochreidte’ sa dán agus mheas sé go raibh ‘Merriman ina mháistir ceannasach ar a chuid líofachta féin; chuir sé nách mór i gcónaí in oiriúint don ábhar í’.<sup>8</sup> ‘Curamhír phobal na Gaeilge’ a bhí sa dán dar le Máirtín Ó Cadhain mar go raibh an chaint ann neamhchoitianta ar fad:

Faoi dheire thiar is í an Ghaeilge, an chaint, an rud is cumasaí le chuile dhuine faoin Chúirt. Thiúrfainn rud ar bith ar a bheith i n-ann an Ghaeilge seo a scríobh. Ach níl agus ní bheidh aon duine go brách aríst i n-ann an rud sin a dhéanamh. Is cosúil nach mise an chéad duine a shantaigh. Bhí cóip den Chúirt ag Amhlaobh Ó Súilleabháin agus is léar go ndeacha sí i gcion ar an gCin Lae: an cur síos, cuir i gcás faoi Mhargraoidin – an comhrá agus eile – I 22, nó I 162 etc.

Bhí Merriman i n-ann an Ghaeilge a aclú ar bhealach nach raibh duine ar bith eile i n-ann a dhéanta. Scatí ní cheapfá gur Ghaeilge ar bith a bhí ariamh ann í, ná ó shoin.<sup>9</sup>

Tá, gan aon amhras, rian an mháistir teangan go láidir ar CMO. Súil an-ghéar a bhí ag Merriman, is fíor, agus dob fhéidir leis an tabhairt faoi ndeara a bhí go láidir aige a réaladh go grinn agus go cruinn i bhfriotal beacht.<sup>10</sup> Sampla an-oiriúnach den mbeaichte seo Mherriman is ea liostáil faisean éadaigh na mná comhaimseartha i gcéadóráid na hógmhá (marcálta sa chló iodálach thíos):

Beidh a cheart im chúl do phúdar fillte,  
*starch is stiúir i gcúl mo chaidhpe,*  
*húda geal gan ceal ribíní,*  
*gúna breac ’s a cheart rufaí leis.*  
Is annamh go brách gan fásáil aerach  
thaitneamhach bhreá *lem cheardán craorag*  
*is an-iomdha luibheanna, craobhacha is éanla*  
*im aprún síogach ríogach Cambrick,*  
*sála cumtha cúnga córach*  
*arda sleamhaine ar Screw fám bhróga,*  
*búclai is fáinní is lámhainní síoda*  
*is fonsaí, práslai is lásaí daora. (ll 257-68)*

Dá éagmais sin, léiríonn an seandúine a chuid eolais ar éadach cnis na mná mar go dtagraíonn sé dá léine (l. 392), dá *stays* (l. 396) agus dá cóta (l. 425). Leanann greann é sin féin, gan amhras, mar nach raibh ann teas an chnis a shásamh nuair a bhí fonn ar

<sup>7</sup> Frank O’Connor, *Kings, lords, & commons. An anthology from the Irish translated by Frank O’Connor* (Dublin 1959) lgh xiv-xv.

<sup>8</sup> Seán Ó Tuama, ‘Réamhrá’ in Dáithí Ó hUaithne, *Cúirt an Mheán Oíche* (Baile Átha Cliath 1968) 7-14 (ag lch 12).

<sup>9</sup> Máirtín Ó Cadhain, ‘Curamhír phobal na Gaeilge’ *Comhar* 27 (1968) 7-11 (ag lch 10).

<sup>10</sup> Liam P. Ó Murchú, *Merriman: i bhfabhar béithe* (Baile Átha Cliath 2005) 95.

an stuaire mná aige ‘bualadh bríomhar / ar nós an diabhair de uair gach oíche’ (ll 691-2).

Saoirseacht focal atá in CMO ó thús deireadh agus is sa ‘láimhseáil’<sup>11</sup> atá an eisceachtúlacht ann. Bhí Merriman, an saor focal, ábalta ar an nGaeilge a ionramháil chun a bhfaca sé lena shúil ghéar a bheachtú i bhfocail ghreanta. Ní hionadh é, dá réir sin, gur deacradae an saothar a aistriú go teanga eile an tsairseacht ealaíonta atá ann, faoi mar a fuair Ciaran Carson amach agus é ag obair ar an aistriúchán is déanaí de CMO:

For the protagonists of the ‘Court’, including ‘Merriman’ himself, are ghosts, summoned into being by language; they are figments of the imagination. In the ‘Court’ the language itself is continually interrogated, and Merriman is the great illusionist, continually spiriting words into another dimension.

What is a translator to do with all this? As soon as I began to deal with Merriman, I knew that my own grasp of Irish was not up to his manifold command.<sup>12</sup>

### 3. Feabhas an abhair?

Ag fágaint na teangan i leataoibh, ní mór féachaint athuair ar abhar an dáin féin agus eisceachtúlacht na dtéamaí in CMO a cheistiú. Pléadh an cheist seo chomh fada siar le tús an chéid seo caite i léirmheas le T. F. O’Rahilly ar an gcéad eagrán den dán ó Risteárd Ó Foghludha (‘Fiachra Éilgeach’):

Too much, I think, has been made of the singularity of Merriman’s attitude towards life, as seen in the *Cúirt*. Merriman’s ‘revolt’, as such, had nothing unique about it; the uncommon thing was that he had not only the desire but the ability – the courage, perhaps, too – to record his ideas in verse in the striking way he did. But the ideas themselves were not peculiar to Merriman: they were – not to go outside his own day or country – shared by a number of contemporary Irishmen, both literate and illiterate. Not only so, but several of his contemporaries had already written verses on themes similar to that treated in the *Cúirt*.<sup>13</sup>

Is léir go raibh an Raithileach ag cuimhneamh ar an seasamh moltach i leith Mherriman mar fhile a ghlac Piaras Béaslaí, duine de na chéad thráchtairí ar CMO. In alt san *Weekly Freeman* ó Eanáir na bliana 1910, mar shampla, tugadh cuntas ar léacht a thug Ó Foghludha ar CMO do *Cumann Oisín* agus tagraíodh dá raibh le rá ón úrlár tar éis na léachta san, i measc an méid sin an moladh a bhí ag Béaslaí féin ar an dán:

Mr. Piaras Beaslai suggested that the purpose of the work had perhaps been misunderstood. He said that the *Cúirt* occupied a unique position in Irish

---

<sup>11</sup> Alan Titley, ‘An breithiúnas ar *Cúirt an Mheán-Oíche*’ *Studia Hibernica* 25 (1989-90) 105-33 (ag lch 130).

<sup>12</sup> Ciaran Carson, *The Midnight Court. A new translation of ‘Cúirt an Mheán Oíche’ by Brian Merriman* (County Meath 2005) 14.

<sup>13</sup> T. F. O’Rahilly, ‘*Cúirt an Mheadhon Oidhche*, Bryan Merriman cct. Risteárd Ó Foghludha .i. Fiachra Éilgeach, do chuir in eagar. Aiste ann ó Phiaras Béaslaí’ *Gadelica* 1 (1912-13) 190-204 (ag lch 191).

literature. Its author broke away from all the trammels of convention in metre, style, subject, and treatment, and the result, from the artistic point of view, was a striking triumph.<sup>14</sup>

Dhá bhliain ina dhiaidh, ba léir go raibh an seasamh moltach céanna ag Béaslaí in aiste uaidh a foilsíodh i dtús an chéad eagráin le Ó Foghludha de CMO:

We have no record to show that Brian ever travelled very far, nor is it necessary to believe that he was ever outside of Thomond. None the less it is curious to find him so closely in contact with the most advanced ideas of the latter half of the eighteenth century. It was in the same year that Brian wrote the ‘Cúirt’ and young Schiller voiced in ‘Die Räuber’ the revolt of youth against human laws and institutions.

One feels that Merriman’s entrance into the homes of the gentry must have brought him into contact with men who had read Voltaire and Rousseau and either affected in their talk the mocking scepticism of the one or quoted and discussed the lyric revolt of the other.

It is clear, however, that Brian came in contact with minds that the other Gaelic poets never encountered. It is generally to be found that the external circumstances of writers’ lives tend to form their minds and the exceptional intellect requires a fair opportunity of developing itself. The average Gaelic poet certainly got very little chance of intellectual development. I am convinced that Brian’s chances were at least far better than the ordinary.<sup>15</sup>

Iltíreachas áirithe, mar sin, a bhí in abhar CMO, de réir na tuairime seo, toisc gur thaithigh an t-údar sofaisticiúlacht chultúrtha an tí mhóir. Murab ionann agus filí eile a bhí comhaimseartha leis, dob é Merriman amháin a thaispeáin tuiscint ar théamaí mór-roinneacha.

Níor aontaigh T. F. O’Rahilly leis seo, áfach. Mar is léir ón dtagairt thuas uaidh, níor ghá dul ‘outside [Merriman’s] own day or country’ toisc go raibh na tuairimí a nochtadh in CMO ‘shared by a number of contemporary Irishmen’, agus sholáthraigh an Rathailleach mar thaca leis seo tagairtí áirithe ón bhfilíocht chomhaimseartha. Thaispeáin na tagairtí sa léirmheas úd ar CMO go raibh mar a bheadh pota stóir dúchais ann as ar tharraing Merriman na téamaí aige. Is ar an bpota céanna stóir seo a díreofar sa chuid dheiridh den aiste seo. Léireofar nach *in vacuo* a bhí Merriman ag saothrú agus nár chaonaí aonair sa treo san in aon chor é.

Lamháltar dom i dtús báire filleadh ar an dtráchtairacht arís agus ar dhá thuiscint chontrártha a mholann Merriman mar fhile eisceachtúil san ochtú céad déag, ach go bhfuil an moladh iontu bunaithe ar chúiseanna éagsúla. Chonacthas anois beag go raibh Béaslaí tógtha le Merriman thar aon fhile eile a bhí comhaimseartha leis toisc gur bhlaís sé de shofaisticiúlacht an tí mhóir. Is í sin ba bhunús, dar leis, le smaointe nua nach raibh suas go dtí san i bhfilíocht na Gaeilge. Ar an dtaobh eile den speictream critice, áfach, a bhí léamh Dhónaill Uí Chorcora ar Mherriman, léamh a d’admhaigh neamhchoitiantacht an fhile, ach neamhchoitiantacht i measc na

---

<sup>14</sup> An Leipreachán, ‘In the Gaelic world. Notes on the language movement’ *Weekly Freeman* (Saturday 22 January 1910).

<sup>15</sup> Piaras Béaslaí, ‘Merriman’s secret: an interpretation’ in Ó Foghludha, *Cúirt an Mheadhon Oidhche* 1-19 (ag lch 16 agus ag lch 17).

ngnáthfhilí a rugadh agus a beathaíodh sa líomataíste céanna tíre leis. Ina shaothar cuimsitheach ar fhilí na Mumhan san ochtú céad déag, *The hidden Ireland*, féach conas mar a chuireann Ó Corcora tús lena chaibidil ar Bhrian Merriman:

Their different periods account for the difference in style and manner between Ó Rathaille and Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin. There is, perhaps, even greater dissimilarity between the work of the latter, Eoghan Ruadh and Brian Merriman; but since these were contemporaries, born within a year of each other, the same explanation does not satisfy us. Seeking another, we find it in the fact that there was a difference in place, Merriman being of the County Clare, Ó Súilleabháin of the County Kerry, with the Shannon, during their formative years, flowing between. That river prevented the one from being like the other as surely as the river of years hindered Eoghan Ruadh from writing a death-song in the way that Ó Rathaille wrote his.<sup>16</sup>

Scoilt thíreolaíoch agus scoilt intleachtúil araon a dhealaigh Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748-84) agus Merriman óna chéile, mar sin, agus lean an Corcorach den bport céanna níos sia isteach ina chuntas:

It is not, however, the river of years, but the actual river that separates Clare from Munster proper, that accounts for the nature of Merriman's verse. His genius was of Connacht, not of Sliabh Luachra; and considered as such there is no mystery to be solved. He only did what the poets about him were doing, only with more verve, strength, and downrightness.<sup>17</sup>

Droichead ab ea dán Mherriman, dar leis an gCorcorach, idir cumas agus inniúlacht liteartha fhilí móra na Mumhan ar an dtaobh ó dheas den tSionainn, agus a raibh á chumadh ag na 'folk poets' ar an dtaobh eile. Go deimhin, cé gur aontaigh an Corcorach le Béaslaí gur chuir Merriman aithne ar Voltaire agus ar Rousseau i gcomhthéacs an tí mhóir, lean truailliú mórálta an aithne chéanna mar gur spreag sé 'irreligious ideas [which] may have had some influence on the many rich Catholics who, to save their lands, bartered away, at this very time, the faith of their fathers'.<sup>18</sup>

Murab ionann agus Béaslaí a chreid gur faoi anáil litríocht na Mór-Roinne a bhí Merriman, chreid an Corcorach gur ar a raibh timpeall air, ar a dhúchas féin, a bhí Merriman ag tarrac. Dhá mhíniú liteartha chontrártha atá anso againn a bhain go mór le gluaiseacht athbheochan na Gaeilge: ceann acu a thuig gur faoi anáil sheachtrach na hEorpa a bhí litríocht chruthaitheach na Gaeilge, agus an ceann eile a mheas gur i dtéamaí dúchasacha a bhí bunús na litríochta céanna.<sup>19</sup> Tá gnéithe den dá thuiscint fós le fáil sa tráchtairacht chomhaimseartha ar CMO – cuimhnítear ar Joep Leerssen a

---

<sup>16</sup> Daniel Corkery, *The hidden Ireland. A study of Gaelic Munster in the eighteenth century* (Dublin 1925<sup>2</sup>) 237.

<sup>17</sup> *ibid.* 250.

<sup>18</sup> *ibid.* 251; cf. Séamus Heaney, 'Orpheus in Ireland: On Brian Merriman's *The Midnight Court*' *The redress of poetry: Oxford lectures* (London 1995) 38-62 (ag lgh 53-4).

<sup>19</sup> Tá suirbhé úsáideach ar an dá thuiscint chontrártha so i measc lucht athbheochan na Gaeilge ag Philip O'Leary, *The prose literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: ideology and innovation* (Pennsylvania 1994) 19-90; maidir le cás speisialta CMO, feic Titley, 'An breithiúnas ar *Cúirt an Mheán-Oíche*' 105-9.

thacódh leis an anáil sheachtrach san áit gur léamh dúchasach atá ag Gearóid Ó Crualaoich agus ag Liam P. Ó Murchú ar an dán.<sup>20</sup>

#### 4. Merriman mar fhinné cultúir

Bíodh an dá léamh ar an dán mar atá, níorbh fhéidir glacadh inniu leis an gcatagóiriú docht atá iontuigthe in argóint Uí Chorcora agus Bhéaslaí araon. Is é an tát atá le baint as caint Uí Chorcora, mar shampla, ná nárbh fhéidir le Merriman a bheith ar bharr aon scála feabhais toisc a chúlra mar ‘folk poet’. Lean teorantacht intleachtúil an teorantacht fhísiciúil tíreolais as ar fáisceadh éigsín dá shórt! Sa tslí chéanna, nuair a thrácht Béaslaí ar na ‘advanced ideas’ a thaitigh Merriman ‘[in] the homes of the gentry’ agus fós ar an ‘contact with minds that the other Gaelic poets never encountered’,<sup>21</sup> ba léir gur cheap sé go raibh Merriman chun cinn ar a chúlra dúchais a bhí chun deiridh ó bhunús pé scéal é.

Tugann dhá léamh shoch-chultúrtha dá sórt le fios go bhfuil an dream uachtair agus an dream íochtair ann, agus nach ann d’aon lucht láir idir eatarthu. Ar bhonn na hanailíse cuimsithí, áfach, ar scríobhaithe i gcontaetha difriúla in Éirinn (taighde a d’eascair, dála san, cuid mhór as suim sa stair áitiúil), chomh maith leis an obair is déanaí atá déanta ar chúirteanna éigse na bhfilí san ochtú céad déag, is eol anois go raibh an *milieu* a thaitigh leithéidí Bhriain Merriman ilghnéitheach.<sup>22</sup> Bhain idir dhuala éagsúla soch-chultúrtha agus sochreiligiúnda lena dtimpeallacht scolártha. Tar éis do Mherriman aistriú amach as paróiste na Fiacaile agus isteach go cathair Luimní mar a raibh scoil Matamaitice faoina chúram, is deacair gan a shamhlú go raibh caidreamh aige ar scoláirí áirithe a mhair sa chathair chéanna i mblianta deiridh an ochtú céad déag.

Tá fianaise againn air gur lean scríobhaithe de shaothrú an léinn Ghaelaigh sna *South Liberties* ar chiosa thoir theas na cathrach san am úd. Díol suime is ea Domhnall Ó Briain (fl. 1788-1826), múinteoir scoile agus scríobhaí, a bhfuil a

---

<sup>20</sup> Léacht dar teideal ‘Court’ a thug an tOllamh Leerssen ag Comhdháil bhliantúil Chumann Éire san Ochtú Céad Déag, 9 Meitheamh 2005, in Ollscoil Luimní; Gearóid Ó Crualaoich, ‘The vision of liberation’ 99 agus *The book of the Cailleach: stories of the wise-woman healer* (Cork 2003) 67-71; Ó Murchú, *Merriman: i bhfabhar béithe* 17-43 agus 47-76.

<sup>21</sup> n. 15 thuas.

<sup>22</sup> Breandán Ó Buachalla, *I mBéal Feirste cois cuain* (Baile Átha Cliath 1968); Breandán Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach. 1700-1900* (Baile Átha Cliath 1974); Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí. 1700-1850* (Baile Átha Cliath 1982); Eamon Ó hÓgáin, ‘Scríobhaithe lámhscríbhinní Gaeilge i gCill Chainnigh 1700-1850’ in *Kilkenny: history and society*, eag. William Nolan, Kevin Whelan (Dublin 1990) 405-36; Eoghan Ó Súilleabháin, ‘Scríobhaithe Phort Láirge 1700-1900’ in *Waterford: history and society*, eag. William Nolan, Thomas P. Power (Dublin 1992) 265-308; Cornelius G. Buttimer, ‘Gaelic literature and contemporary life in Cork 1700-1840’ in *Cork: history and society*, eag. Patrick O’Flanagan, Cornelius G. Buttimer (Dublin 1993) 585-654; William Mahon, ‘Scríobhaithe lámhscríbhinní Gaeilge i nGaillimh 1700-1900’ in *Galway: history and society*, eag. Gerard Moran, Raymond Gillespie (Dublin 1996) 623-50; Ciarán Devine, ‘The Irish language in county Down’ in *Down: history and society*, eag. Lindsay Proudfoot (Dublin 1997) 431-87; Meidhbhín Ní Úrdail, *The scribe in eighteenth- and nineteenth-century Ireland: motivations and milieu* (Münster 2000); Art J. Hughes, ‘Gaelic poets and scribes of the south Armagh hinterland in the eighteenth- and nineteenth centuries’ in *Armagh: history and society*, eag. Art J. Hughes, William Nolan (Dublin 2001) 505-58; Meidhbhín Ní Úrdail, ‘Seachadadh agus seachadóirí téacsáí san ochtú agus sa naoú céad déag’ *Studia Hibernica* 32 (2002-2003) 75-98; Eilís Ní Dheá, ‘Saothrú an léinn Ghaelaigh i gcontae an Chláir 1700-1900’ (tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2003). Maidir le cúirteanna éigse na bhfilí, feic ag Breandán Ó Conchúir, ‘Na cúirteanna éigse i gCúige Mumhan’ in *Saoi na héigse. Aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*, eag. Pádraigín Riggs, Breandán Ó Conchúir, Seán Ó Coileáin (Baile Átha Cliath 2000) 55-81.

shaothar tagtha anuas in aon cheann déag d'fhoinsí a teaglaimíodh idir 1783 agus 1804.<sup>23</sup> I bpáirt lena chomharsa, Seán Ó hAnnáin (fl. 1786-9), agus le Tadhg Ó Súilleabháin (fl. 1783) a teaglaimíodh an fhoinsé is luaithe acu, ARÉ LS 108 (23 L 28).<sup>24</sup> Fianaise dheas ar an athrú a bhí ar lucht léite lámhscríbhinní Gaeilge atá in obair chóipeála Dhomhnaill Uí Bhriain, is fíor. Gabhann aistriúchán méadrach Béarla lena chóip de *Tuireamh na hÉireann* i LS 108, mar shampla, agus théadh sé i muinín na fogharscríbhinne agus téacsáí eile á gcóipeáil aige. Is follas gur ar léitheoirí nach raibh oilte ar Ghaeilge mar theanga liteartha a bhí an soláthar téacsúil seo dírithe. Dá éagmais sin, níor Chaitlicigh ar fad na scoláirí Gaeilge a bhí i Luimneach in aimsir Bhriain Merriman. Ball de Chumann na gCarad ab ea Seán Báille (fl. 1824-30), cuirim i gcás, agus bhí scoil faoina chúram i Sráid Uilliam i dtús an naoú céad déag.<sup>25</sup> Pátrún ar léann na Gaeilge ab ea é chomh maith, is léir, mar gur dósan a chuir Conchubhar Ó Máille (fl. 1807-30) abhar dhá lámhscríbhinn le chéile, 1829-30.<sup>26</sup>

Dá theirce iad na fíricí ar bheatha Bhriain Merriman, mar sin, ní fhéadfaí a mheas, is dóigh liom, gur fhág sé cultúr na lámhscríbhinní agus na Gaeilge ina dhiaidh nuair a bhog sé ó cheantar tuaithe na Fiacaile agus gur le cultúr an chló agus le cultúr an Bhéarla a theagmhaigh sé as san amach nuair a shocraigh sé síos i gcathair Luimní. Saol cultúrtha ilghnéitheach a bhí ansúd aige, ní foláir, saol idir dhá chultúr a chuimsigh ann féin an lámhscríbhinn agus an leabhar, an Ghaeilge agus an Béarla.

Go deimhin, bhí an trasnaíl chultúrtha so, leis, ar siúl níos túisce san ochtú céad déag i measc scoláirí eile i dTuamhain – idir scríobhaithe agus fhilí – mar is eol ó leithéidí Sheóin Lloyd (fl. 1775), Thomáis Uí Mhíocháin (ob. 1804) agus Sheáin Uí Thuama ‘an Ghrinn’ (ob. 1775);<sup>27</sup> agus sa naoú céad déag lean a thuilleadh acu den scoláireacht níos faide ó bhaile, i bpríomhchathair Éireann féin, leithéidí Pheadar Uí Chonaill (1755-1826) agus Eoghan Uí Chomhraí (1794-1862), mar ar chuireadar aithne ar lucht ársaíochta Choláiste na Tríonóide agus Acadamh Ríoga na hÉireann.<sup>28</sup> Baill de ghréasán saibhir cultúrtha agus idirghabhálaithe cultúir d’aon iarracht ab ea na scoláirí seo le ceart. Dá mhéid is féidir linn a fháil amach mar gheall orthu, mar gheall ar a saothar lámhscríbhneoireachta agus cumadóireachta, agus fós mar gheall ar an gcomhthéacs as ar fáisceadh iad, is ea is mó is féidir linn léargas éigin a fháil ar chultúr coiteann na hÉireann chomh maith, gan amhras, san ochtú agus sa naoú céad déag. Finnéithe luachmhara cultúir is ea scríobhaithe agus filí na tréimshe úd, is fíor.

<sup>23</sup> Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach* 28, 75-7.

<sup>24</sup> Tá cur síos ar an lámhscríbhinn féin in T. F. O’Rahilly, Kathleen Mulchrone et al., *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* (Dublin 1926-70) 324-6.

<sup>25</sup> Pádraig Ó Riain, *Clár na lámhscríbhinní Gaeilge sa Bhreatain Bhig* (Baile Átha Cliath 1968) lch viii; Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach* 28.

<sup>26</sup> Abersytwyth LS Add. 415D (1829) agus Abersytwyth LS Add. 421D (1830); tá cuntas ar na lámhscríbhinní seo in Ó Riain, *Clár na lámhscríbhinní Gaeilge* 9-11, 30, fá seach; cf. Ó Madagáin, *An Ghaeilge i Luimneach* 99.

<sup>27</sup> Eilís Ní Dheá, ‘Seón Lloyd (?-c. 1785)’ *The other Clare. Annual journal of the Shannon Archaeological and Historical Society* (2000) 18-22; Brian Ó Dálaigh, ‘Tomás Ó Míocháin and the Ennis school of Gaelic poetry c. 1730-1804’ *Dál gCais* 11 (1993) 55-73.

<sup>28</sup> Mar leis an gConallach a chaith tréimshe i mbun obair pháirce dá fhoclóir Gaeilge-Béarla in Albain chomh maith, feic Eilís Ní Dheá, ‘Lucht scríofa lámhscríbhinní i gContae an Chláir san 18ú haois’ *Dál gCais* 10 (1991) 51-7 (ag lgh 53-4) agus ‘Peadar Ó Conaill, scoláire agus scríobhaí (1755-1826)’, in Ó Murchadha, *County Clare Studies* 137-49; mar le hEoghan Ó Comhraí, feic Pádraig de Barra, ‘Saol agus saothar Eoghain’, agus Art Ó Maolfabhail, ‘Eoghan Ó Comhraí agus an tsuirbhéireacht ordanáis’ in *Eoghan Ó Comhraí: saol agus saothar*, eag. Pádraig Ó Fiannachta (An Daingean 1995) 5-22 agus 145-81, fá seach.

## 5. Ceisteanna comhaimseartha

Fillimis anois ar cheist na dtéamaí ón litríocht chomhaimseartha dúchais as ar chruthaigh Brian Merriman a dhéantús filíochta. Córas an chleamhnais agus an phósta araon, gan dabht, príomhchúram CMO. An mhíshástacht úd i dtaobh institiúid an phósta sa dán, míshástacht ab ea í a bhí coitianta, is cosúil, ar fhianaise na filíochta atá tagtha anuas chugainn ón ochtú agus ón naoú céad déag. Abhar suime is ea é, mar shampla, go bhfuil i measc an bhailiúcháin fhairsing dánfhocal an t-áiteamh diongbhála so a leanas:

Ar ghrádh Dé gnóthuigh ón Róimh  
deispionsóid chóir agus cheart,  
bean mhaith dá bhfaghthá ag daoí,  
í dá fhágbháil, maith an bheart.

Deaghail fós, a chinn na gcliar,  
gach fear fial is gach bean leamh;  
pós re chéile an dá shaoi,  
ní beag an dá dhaoi do mheath.<sup>29</sup>

Más amhlaidh atá lánúin phósta as tiún lena chéile – an bhean mhaith agus an daoí, nó fós an fear fial agus an bhean leamh — ní mór don Róimh a aithint gurb é an ceart é iad ‘a dheaghailt’ óna chéile. Is fiú a mheabhrú gur thug an seandúine in CMO ‘cuing na cléire’ (l. 587), ‘géibheann’ (l. 588) agus fós ‘riail gan éifeacht’ (l. 630) ar institiúid an phósta, institiúid ar cheart fáil réidh ar fad léi, dar leis, ar mhaithe le bunshaoirse an duine. Tá cuid den dtuiscint chéanna ar an bpósadh againn sa dá rann thuas, braithim. Saol an dá dhaoi is dual d’aon bheirt atá gan saoirse coirp is aigne ina saol pósta le chéile.

Ní miste a chur sa mheá gur dhá lámhscríbhinn ón gClár a scríobhadh san ochtú céad déag na foinsí is luaithe atá againn inniu do na ranna thuas. Is léir ó chuid eile den abhar iontu araon go raibh dioscúrsa curtha ar bun sa taobh tíre sin ar an bpósadh agus ar an bhfiúntas a bhí aige don phobal trí chéile san ochtú céad déag.<sup>30</sup> Duanaire mór ar mhuintir Lochlainn Boirne, ARÉ LS 11 (E iv 3), is ea an chéad fhoinsé acu a scríobh Aindrias Mac Cruitín (ob. 1738) ar iarratas Bhriain Uí Lochlainn ar ócáid a phósta, is cosúil, sa bhliain 1728.<sup>31</sup> Go deimhin, tá dán dar tús *Créad fá n-uaibhrid a chéile?* sa lámhscríbhinn chéanna a chum Mac Cruitín don lánúin, Brian Ó Lochlainn agus Isibéal Ní Chathasaigh. Cúis áthais is ea é cuing cheart phósta a bheith socair idir bheirt chomh dea-thréitheach mar iad:

Créad fá n-uaibhrid a chéile,  
an uaisle is an fhírfhéile?  
Dá chraoibh gan chríne gan chrith,  
de chine mhírmhín Mhílidh.

<sup>29</sup> T. F. O’Rahilly, *Dánfhocail. Irish epigrams in verse* (Dublin 1921) 52 (uimhir 260).

<sup>30</sup> Meidhbhín Ní Úrdail, ‘The representation of the feminine: some evidence from Irish-language sources’ *Eighteenth-Century Ireland. Iris an dá cultúr* 22 (2007) 133-50.

<sup>31</sup> Tá cur síos ar an bhfoinsé féin in *RIA Cat.* 51-8; cf. Eilís Ní Dheá, ‘Pátrúin agus pátrúntacht i gContae an Chláir san 18ú haois’ *Léachtaí Cholm Cille* 34 (2004) 236-56 (ag lgh 242-3).

Cidh fá n-uaibhrid cuanta a chéile tais,  
fuíoll na huaisle is tuaim na féile frais?  
Dá chraoibh gan chruas nach buailfidh béim tar ais,  
den ríoghfhuil thuaidh 's de chuaine chaomhdhil Chais.

Ní scríobh[th]ar go ham oile,  
acht téarma na hamsaire  
fár aontaidh an fial fuinn:  
Brian is a chéile i n-aonchuing.

Fó chuing na cléire is naofa brí et beart,  
tar chuimhne béil ba léir i scríbhinn bheacht,  
ó aois mhic Dé go haontaigh ar ndíse i gceart,  
míle saor seacht gcéad seacht dtrí 's a seacht.<sup>32</sup>

I láimh Sheáin Uí Chinnéide (fl. 1737-80), máistir scoile i mBaile Uí Cheit ar chongar Chill Rois, Contae an Chláir, atá an dara foinse don dánfhocal thuas, i.e. Leabharlann na Breataine LS Egerton 209 (f. 95r), agus is é an dáta 1767 a chuir an scríobhaí lena chuid oibre.<sup>33</sup> Ar chuma an Chruitínigh, leanann Seán Ó Cinnéide de théama an phósta sa lámhscríbhinn seo, ach go gcoimeádann sé le téama na cléire chomh maith. Mar chuid dá habhar, tá cóip de théacs dar teideal 'Comhairle Mhic Clamha', aoir fhrithchléireach a cumadh, de dhealramh, timpeall na bliana 1680.<sup>34</sup> Is é an Mac Clamha atá i gceist anso ná an tAthair Seán Mac Clamha, is cosúil, sagart paróiste ar Achadh na Muileann i ndeoise Chlochair, a chomhairlíonn dá pharóisteánach, Arsaigh Rua, a bhean agus a bhothán a thréigean agus dul le sagartóireacht.

Tá fáthscéal sa chuid próis den 'Comhairle' a chaitheann go searbhásach leis an gcléir agus leis na tuataigh araon. Tugtar péac láidir ní hamháin don té a d'áiteodh gurbh fhéidir sagart a dhéanamh d'aon tuata gan tabhairt suas ar bith a bheith air, ach péac, leis, do theagasc a d'áiteodh gur ar an bpobal amháin atá ceannas na hEaglaise ag brath. Is í an chéad chuid, áfach, dán a chuireann saol na cléire i gcomórtas le saol an duine phósta, is gnó anso dhúinn.<sup>35</sup> Duairceas agus dólás is dual d'Arsaigh Rua agus dá shórt atá pósta:

#### Iar dteacht don bhothán tráthnóna

---

<sup>32</sup> Sé rann i ndeibhí scaoilte agus sé véarsa amhráin atá ag babhtáil le chéile tríd sios in ARÉ LS 11 (E iv 3), lgh 279-80; r. 1 agus v. 1, agus r. 6 agus v. 6 atá thuas ach caighdeánú áirithe a bheith déanta agam ar an ortagrafaíocht.

<sup>33</sup> Maidir leis an bhfoinse seo, feic S. H O'Grady, *Catalogue of Irish manuscripts in the British Library* I (athchló, Dublin 1992) 589-97; tá cuntas ar an scríobhaí féin agus ar a shaothar ag Ní Dheá, 'Saothrá an léinn Ghaelaigh' 71-3.

<sup>34</sup> Leabharlann na Breataine, LS Egerton 209, ff 110r-116r; cf. eagrán Joseph Duffy, 'Comhairle Mhic Clamha ó Achadh na Muileann' *Clogher Record* 5 (1963-5) 307-47 atá bunaithe ar ARÉ LS 126 (23 I 1) le Riosdard Tuibear / Richard Tipper. Tá sleachta áirithe den 'Comhairle' chomh maith le haistriúchán curtha ar fáil ag Douglas Hyde, *Abhráin diadha Chúige Connacht. The religious songs of Connacht*, 2 imleabhar (London 1906) I 171-91, ach chuaigh den eagarthóir céanna aon bhri a bhaint as focail áirithe. Is é foinse a bhí aige ná 'a manuscript I borrowed from a friend, copied as I believe some place in Ulster in the year 1764' (171); agus d'áitigh sé in *Legends of saints and sinners* (Dublin [1915]) 148, gurbh i láimh Phádraig Uí Phrontaigh a bhí sí seo. Maidir leis an dtráchtáireacht chritice ar an dtéacs féin, feic N. J. A. Williams, 'Irish satire and its sources' *Studia Celtica* 12-13 (1977-8) 217-46 (ag lgh 241-6) agus 'Scoggin in Éirinn' *Éigse* 18 (1980-1) 182.

<sup>35</sup> Tos. *A Arsaigh chroidhe gheanamhail ruaidh* (25 rann) in ógláchas rannaíochta móire, curtha in eagar ag Duffy, 'Comhairle Mhic Clamha' 320-6.

lán d'ochán 's do bhrón croidhe  
gheabhaidh roimhe sgreadfach ghárlach  
is ní lugha cátharlach mhná an tighe.

Luidhfidh síos ar nós cnúidín  
nó mar ghaoidín go fuar fann;  
ní bhiaidh do thumhultas acht lag,  
is ní bhiaidh a dheoch go bríoghmhar teann.

Gluaisfidh dá leabaidh fa ghruaim  
is ní bhiaidh fuaim ina ghiorta;  
preabán ar a bhríste tana  
is paiste nó dhó ar a sgiorta.

Ag éirigh dhó arna mhárach  
is gan árach aige air féin  
is deimhin nach bhfaghann blaiseadh  
chuirfeadh an t-ocras uaidh i gcéin.<sup>36</sup>

A mhalairt sin, áfach, is dual don sagart – gabhann speilp agus compord lena shaol (ar chuma CMO):

Tóg do mheanma, deirim leat,  
ná bí feasta i ngad mar atá;  
gabh chugat an riaghail cheart  
naisgeas ort buil is bláth.

Cleacht proinn do bhiadhuibh blasta,  
tombac dubh, cruaidh, casta, sáimh;  
i ndiaigh altaigh, más mian leatsa,  
glac do dhram go prab do láimh.<sup>37</sup>

Comhairle scigaitriseach is ea í seo, gan amhras, ach tá fós léargas inti ar an sórt duine a ghlacfaidh léi. Tugtar faoi ndeara, cuirim i gcás, an t-indibhidiúlachas a chuireann ‘do mheanma’, ‘gabh chugat’, ‘más mian leatsa’, ‘glac do dhram go prab’ i gcéill. Uimis sin, níl sa ‘riaghail cheart’ ach áiféis mar gurb é an duine aonair a leagann síos an ceart do féin.

---

<sup>36</sup> *ibid.* 320, 322. Ní thagaim leis an eagarthóir san áit go molann sé ‘gurnet’ agus ‘gudgeon’ mar aistriúchán ar *cnúidín* agus ar *gaoidín*, fá seach; bhí amhras air ina thaoibh, áfach, mar a thaispeáineann an comhartha ceiste sa ghluais aige (342, 343). Moltar ‘a wizened person’ (*cnúidín*) agus ‘a listless wretch’ (*gaoidín*) anso: tá an focal *gaoidín* le fáil *passim* in ‘Vocabularum Latinum et Hibernum: foclóir Laine agus Gaoidheilge’, i.e. LS Z 4.2.5 i Leabharlann Marsh, Baile Átha Cliath, a chríochnaigh Risteárd Pluincéad sa bhliain 1662. Léiríonn na focail Ghaeilge a luaitear le *cessator* agus *torpor* ansúd, mar shampla, gurb é ‘a listless wretch’ a bhrí; táim buíoch den Dr Seán Ua Súilleabháin as an eolas so. Mar le foclóir an Phluincéadaigh, feic Seán Ua Súilleabháin, ‘The lost has been found: the earliest surviving bilingual Irish dictionary’ in *Cín Chille Cúile: texts, saints and places. Essays in honour of Pádraig Ó Riain*, eag. John Carey, Máire Herbert, Kevin Murray (Aberystwyth 2004) 392-405 (ag lgh 403-5) agus ‘Dinneen’s dictionaries of 1904 and 1927: background, use of historical dictionaries and of contemporary informants’ in *Dinneen and the dictionary 1904-2004*. Irish Texts Society Subsidiary Series 16, eag. Pádraigín Riggs (London 2005) 62-77 (ag lgh 66-7).

<sup>37</sup> Duffy, ‘Comhairle Mhic Clamha’ 322.

## 6. Na sagairt

Ós ag caint ar an sagartóireacht atáthar, dob fhéidir, gan amhras, brí eile a bhaint as an gcéad chuid den dánfhocal thuas agus is é brí é go bhfuil comhairle á tabhairt ag tuata don sagart óg diospansáid ‘chóir agus cheart’ a lorg ón Róimh i dtreo is go scaoilfí saor ó riail na geanmnaíochta é. Tagann sé seo, gan dabht, le diancheistiú na hógmhna sa dara óráid aici in CMO: ‘cad do bheir scaoilte ó chuibhreach céile / in eaglais sinsir suim na cléire?’ (ll 759-60), agus fós: ‘ca bhfuil na comhachta d’ordaigh an dúla / is calcadh na feola i gcoróin na cumha seo?’ (ll 815-6).

Buaileann na ceistanna so méar ar bhunhadb cointinne do fhilí an ochtú céad déag, i.e. an teannas idir riail na geanmnaíochta agus an brú a bhí ar shagairt an riail seo a shéanadh. Díol suime is ea dán leis an Athair Liam Mac Gearailt (fl. 1780-1824) dar tús *Do ghoirfínn tú ó uail slua sleachta aoibhinn Máighe*, do bhean Hannraoi Uí Bhriain, táilliúir a bhí i gCora Finne.<sup>38</sup> Cás dólásach na mná is gnó don fhile, í pósta le ‘eiliric fhuar chruaidh-reangach’ nach dtuigeann, go deimhin nach bhfeiceann, cad é céile breá atá aige. Tá grinneas i gcur síos nithiúil an fhile ar a corp álainn: tá a dhá cíoch ‘ag síorphreabadh cheal a mbrúidhte’, tá sí ag ‘ceasnaíl rúin’ cheal ‘súgradh an chnaiste’. Sa véarsa scoir, nascann an file go héifeachtach lena chéile buaic an dáin agus buaic an ghnímh chorportha ba mhaith leis féin a chomhlíonadh i dteannta na mná:

Mo dhíomása an leannánsa dod chur in éaglaigh  
is gan fáil ar do shásamh ná an oiread éille  
'chuirfeadh árd beag fád shála ar an mbuille déanach,  
is mo lámh dhuit go mb'fhearrde thu do chur fám éide.<sup>39</sup>

Ní hé an sásamh coirp amháin, áfach, a gheallfadh Mac Gearailt, an sagart, ach an tuiscint, an chomhbhá, an aire agus an chosaint, leis, a chuireann ‘do chur fám éide’ in úil. Fianaise thábhachtach is ea an dán féin, ní hamháin ar chruinneolas an tsagairt ar chúrsaí gnéis, ach ar a chumas a chuid eolais a bheachtú agus a shoiléiriú i bhfriotal atá pointeálta chomh maith le bheith i dtiún le mianta na mná. Ina theannta san, léiríonn an dán neamhshuim i rialacha dochta a dhíríonn ar an sprid, ar mhianta agus ar an aigne a smachtú – teachtaireacht láir CMO chomh maith, gan dabht. Ní ar an sagartóireacht *per se* a fágtar an locht, ach ar aon riail dhocht, ar chuma riail na geanmnaíochta, a dhíríonn ar an smacht ar mhaithe le smacht agus a mhúchann, dá réir, an daonnacht.

Is ionann frustrachas na mná i ndán Mhic Gearailt agus meanma na coda san den dara óráid ón óigbhean in CMO a áitíonn go neamhbhalbh nár thaispeáin an seandúine suim in éileamh collaí a mhná féin. Go deimhin, ní raibh ar a chumas, faoi mar a dúradh níos túisce, teas a cnis a shásamh. Fágadh í, mar sin, is ‘a ballaibh go léir ’s a déid ar lúthchrith, / go loinnir an lae gan néal do dhubhadh uirthi / ag imirt ó thaobh go taobh ’s ag únfairt’ (ll 716-8). Is é an tát atá le baint as dán Mhic Gearailt agus CMO araon, mar sin, ná gur tuigeadh go bhféadfadh an sagart mianta collaí na mná a shásamh. Freagra is ea dán an Athar Mhic Ghearailt, is fíor, ar an achainí in CMO gur ceart riail na geanmnaíochta a chur ar ceal. Tá tuiscint ag an sagart do mhianta na mná sa dán d’ainneoin rialach a chuir cosc air caidreamh fisiciúil a bheith

<sup>38</sup> Cúig véarsa curtha in eagar ag Ó Murchú, *Merriman: i bhfábhhar béithe* 72.

<sup>39</sup> *ibid.*

aige ar aon bhean. Agus, ní fiú faic an riail chéanna ar deireadh thiar ón uair nach bhfuil toradh á thabhairt, is cosúil, ag an sagart féin uirthi.

## 7. Guth áititheach na mná

Más é éagóir an chórais phósta, go háirithe ar mhná ionphósta, is gnó do Bhrian Merriman ina dhán, cuireann sé cas na bhfear chun cinn chomh maith mar is léir ó óráid an tseandúine. Ar a shon san, níl sé eisceachtúil sa méid sin. Cuimhnítear anso ar a chomh-Chláiríneach, an ‘Mangaire Sógach’ (Aindrias Mac Craith) (fl. 1735-93), agus ar a dhán *An Seandúine* dar tús:

Araoir do dhearcas cois leasa go brónach  
caoinbhean chailce den aicme dob óige  
ag snoí a basa is ag screadaigh go deorach,  
is ag caoi, tré cheangal le seandúine dreoite.<sup>40</sup>

Cáiseamh na mná a cuirtear inár láthair sa véarsa tosaigh faoi mar is dual do *An Seandúine Dóite* a dhéanamh, téacs a deirtí coitianta le ceol i dtuaisceart na tíre, ach i gConnachtaibh agus i Múscaí chomh maith.<sup>41</sup> Dá éagmais sin, sampla is ea é den *chanson de la malmariée* sa Ghaeilge. Bean óg de ghnáth a bhíonn á cháiseamh gur phós sí spreas gan éifeacht a bhíonn éadmhar go minic agus nach dtugann, ina theannta san, aon sásamh collaí di.<sup>42</sup> Buaileann an ‘Mangaire Sógach’ bob ar an léitheoir, áfach, mar gurb é cas an fhir agus gnéithe dá chollaíocht súd atá sna seacht véarsa eile dá dhán. Eisean an *malmarié* duirc a ngabhann éadóchas agus dólás lena shaol pósta. Monalóg fir atá sa dán le ceart, mar sin, a léiríonn a dhuirceas toisc é a bheith pósta le cailleach agus le seanbhean mhallaithe in éineacht. Níl sólás sa spré raidhsiúil a thug an bhean ’on tigh isteach mar go gcuireann a tréithe fisiciúla gránna masmas air:

Nuair a éirím ar maidean is do scaraim lem nóchair  
do gheibhim a baladh ón leaba go póirse,  
is fíor go mb’fhearra liom tarraing thar bóchna  
ná tíocht ina haice le heagal a póige!<sup>43</sup>

Tá an cur i láthair sógach mar is dual don té a chum, gan dabht, ach tá fós an taobh dáiríre, leis. Níl aon cheist ann i gclabhsúr an dáin, cuirim i gcás, gurbh fhéidir an pósadh, dá mhíshásúlacht agus dá mhíoiriúnaí féin é, a chur ar ceal.

Is coitianta, áfach, an léargas ar dhólás na mná atá pósta le scaiste fir – ar chuma dólás na mná óige a phós an seandúine in CMO – i bhfilíocht na tréimshe seo. Fairis sin, is minic a ionsaíonn an bhean cáil a fir mar gheall ar a mhíchumas fisiciúil. Ionsaí

<sup>40</sup> Ocht véarsa foilsithe in Máire Comer Bruen, Dáithí Ó hÓgáin, *An Mangaire Sógach: beatha agus saothar* (Baile Átha Cliath 1996) 80-1.

<sup>41</sup> Pádraigín Ní Uallacháin, *A hidden Ulster. people, songs and traditions of Oriel* (Dublin 2003) 131-4; Ciarán Ó Con Cheanainn, ‘Clár amhrán Chois Fharráige’, 2 imleabhar (tráchtas M.Litt., An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, 2004) I, 112-3; Donncha Ó Cróinín, *Seanachas Amhlaoibh Í Luinse. Seán Ó Cróinín a thóg síos* (Baile Átha Cliath 1980) 333; A. Martin Freeman, ‘An Sheandúine’ *Journal of the Folksong Society* 6/23 (1920) 104-7.

<sup>42</sup> Seán Ó Tuama, *An grá in amhráin na ndaoine: léiriú téamúil* (Baile Átha Cliath 1960) 30-47; luaitear i measc na samplaí téacsúla ansúd an dán thuas le Liam Mac Gearailt chomh maith.

<sup>43</sup> Comer Bruen, Ó hÓgáin, *An Mangaire Sógach* 81.

fíochmhar dá shórt is ea an dán dar tús *Mo bhreo 'gus mo chumha-chreach mar pósadh ar dtúis me* le Tomás Ó Míocháin (c. 1730-1804) ón gClár, mar shampla, ina dtugann Murrainn Ní Aodha léasadh teangan dá céile, Síoman Mac Ceorais, úinéir sibín ó cheantar na hInise, toisc gur chuir sé ina leith gur luigh sí leis an marcach capaill Doimínic do Búrc.<sup>44</sup> Spideann Murrainn a céile ó thús deireadh, agus má thug Eoghan Ó Comhraí '[a] humorous but vulgar piece'<sup>45</sup> ar an dán céanna, tugtar mar sin féin léargas lom, oscailte ann ar shaol duaire mná atá pósta le 'gósta glas giúnnach nár aibigh i gcéill / lómach gan lúthchleas gan sórt ar bith subhachais'. Ní hamháin gur 'feoite suite' atá sí 'd'éis deolchreimeadh cúigir' ach tá sí 'beochaite brúite ag an seanhoc maol' a phós sí. Ós amhlaidh atá, áitíonn sí nach aon mhealladh gnéasúil í d'fhear eile, go fiú do Doimínic do Búrc úd.

Aon dán amháin is ea an dán so Murrainn Ní Aodha as sraith de thrí cinn ar samplaí iad ar fad den dearbhú liteartha sa Ghaeilge, *genre* a bhfuil a bhunús, is cosúil, san ochtú céad déag.<sup>46</sup> Pléann an dá dhán eile sa tsraith seo cúrsaí caidrimh idir fir is mná. Sa chéad dán le Tomás Ó Míocháin, dearbhaíonn an Búrcach óg nár bhain sé le bean an fhir phósta; sa dara ceann le Cláiríneach eile, Séamas Mac Consaidín (fl. 1780), dearbhaíonn an fear pósta go raibh a bhean mídhílis.<sup>47</sup> Tagann ansan dearbhú pras ó Murrainn sa treas dán ina móideann sí go bhfuil sí saor ó aon cháim agus ina mbaineann sí an gus as a fear tré a mhíchumas a mhallachtú go binibeach.

Is le fíordhaoine ar chónagar na hInise a bhaineann na dánta so, rud a thaispeáineann cad é díospóireacht bhríomhar, chonspóideach a bhí ar bun i gceantar an Chláir ar an bhfiúntas a lean an pósadh. Tá, ina theannta san, gan dabht, cosúlacht meoin idir na dearbhuithe so agus CMO. Is fiú cuimhneamh ar conas mar a thug an seandúine faoi chreidiúint na hógmhna tré mhídhílseacht a chasadh léi (ll 419-26), agus fós ar ionsaí na hógmhna ar cháil an tseandúine chéanna sa dara óráid uathí (ll 661-756). Go deimhin, fágtar an focal deiridh ag an mbean sa tsraith dearbhuithe agus in CMO araon. Dá éagmais sin, is léir anáil na cúirte dlí ar na dearbhuithe agus ar dhán Mherriman. Móidiú, le ceart, atá sa dearbhú atá bunaithe ar ráitis ó dhaoine sa chomharsanacht – ciontacht nó neamhchiontacht an duine a dheimhniú is aidhm leis. Ar nós na cúirte dlí, glaotar ar dhaoine teacht ós comhair an phobail agus ráitis a thabhairt uathu. Ar an gcuma chéanna, tagraíonn dán Mherriman do chúirt ina theideal gan amhras, ach tá an chúirt chéanna 'na suí' (l. 64) i mBruíon Mhaigh Gréine mar a bhfuil an tsíbhean, Aoibheall, 'na suí ar bhinse an tsaoirchirt' (l. 144); agus fós cuireann béarlagar ar nós 'acht', 'binse', 'coir', 'riail' agus 'reacht' feidhmiú na cúirte dlí i gcuimhne dhúinn.<sup>48</sup>

Fillimis ar an *chanson de la malmariée* arís agus ar dhán leis an gCláiríneach, Seón Ó hUaithnín (1688-?), a chuireann síos ar chás Pheigí Turraí a phós Seán Ó Tinn. Ionsaí atá anso arís ó chailín óg a dhamnaíonn a máthair go míthrócaireach as toiliú í a phósadh le seanstumpa gan mhaith:

Mo mhallachtsa dom mhúdar do cheangail mé le stumpa  
de scaiste mharbh brúite gan lúth gan aird,

<sup>44</sup> 9 + 1v. (ceangal) foilsithe in Diarmaid Ó Muirthe, *Tomás Ó Míocháin: filíocht* (Baile Átha Cliath 1988) 58-60 agus in Liam P. Ó Murchú, 'Dearbhaithe ó Chontae an Chláir' *Éigse* 17 (1977-8) 237-64 (ag lgh 252-4).

<sup>45</sup> Ó Murchú, 'Dearbhaithe ó Chontae an Chláir' 238.

<sup>46</sup> Liam P. Ó Murchú, 'The literary asseveration in Irish' *Études Celtiques* 29 (1992) 327-32.

<sup>47</sup> Ó Murchú, 'Dearbhaithe ó Chontae an Chláir' 248-51; tá an chéad dán thuas in eagar ag Ó Muirthe, *Tomás Ó Míocháin* 56-7 chomh maith.

<sup>48</sup> Ó Murchú, *Merriman: i bhfabhar béithe* 53-4.

is go bhfuil mo mhama brúite ó thuargaint fhada an chliútaigh  
is gur troime a chorp ná long ar an linn gan snámh.  
Níl faic aige ach orlach de spadalach chum spóirt dom  
is níorbh annamh fear an tomhais sin á dheighilt óna mhnaoi;  
smaoin seal gur tú an spreas a bhrúigh marbh fút mé  
is do-bheirim duit mo chontract is adharc tríd mhaoil.<sup>49</sup>

Ar chuma anacair croí mná óige dá sórt in CMO, níl sásamh collaí le fáil ón sraiste fir anso ach chomh beag, is léir. Murab ionann is i ndán Mherriman, áfach, labhrann Peigí amach go neamhbhalbh ar bhrúidiúlacht fhisiciúil – ní hiad na cíocha amháin atá brúite ag an lóma, ach tá sí brúite idir chorp agus aigne tar éis na fórsála go léir uirthi, agus tuigtear di sa véarsa scoir nach bhfuil fágtha anois aici mar ‘nóchar ach carthanacht na gcomharsan’. Gné dhorcha den saol atá á léiriú anso, braithim, i.e. an óspairt a deineadh ar mhná agus an íde a tugadh ar mhná pósta go háirithe.

Tagann meanma an dáin seo le solaoídí ó thraidisiún na caointeoireachta chomh maith. Ní hé guth na mná caointe amháin atá le clos ón abhar so, ach racht láidir na mná cáinte a dhamnaíonn foiréigeán na bhfear.<sup>50</sup> Sampla éifeachtach is ea an insint seo ina gcaoineann máthair bás a hiníne, ach go dtugann sí léargas ar conas mar a caitheadh leis an iníon chéanna mar bhean phósta:

Mo chara ’gus mo chiall tu,  
agus do tógáithí siar thu  
go rúimín iata,  
agus go ngabhtí ’en tsrian ort  
agus d’fhuip nao n-iallach,  
agus ní raibh d’ainm ar iarraidh  
ach *bitch* nú striapach.<sup>51</sup>

Beag is fiú atá á dhéanamh do mhianta na mná anso, gan amhras, á hionannú le striapach nach ndiúltódh d’aon fhear. Sa tslí chéanna, striapacht a chuir an seandúine i leith na mná óige in CMO, leis, nuair a d’fhógair sé go bhfeiceadh sé ‘an cuma ’na mbíodh sí sraoilte suaithe / stracaithe ar lár is gáir ’na timpeall, / caite ar an sráid nó i stábla sínte’ (Il 446-8) agus fós í ‘caite ar an ród gan orlach fúithi / ag gramaisc na móna ar bhóithre Dhúire’ (Il 461-2).

Téama coitianta ab ea é ag filí an ochtú céad déag, is fíor, an pósadh a cháineadh, pé acu san an *malmariée* nó *malmarié* a bheith ag caint. Dhealródh sé, áfach, nár bhrath eagarthóirí ná tráchtairí ró-chompórdúil go minic mar gheall ar dhírí na filíochta féin. Chonaiceamar ó chlainibh gur ‘vulgar piece’<sup>52</sup> an léamh a bhí ag Eoghan Ó Comhraí ar dhearbhu Mhurainn Ní Aodha. Go deimhin, má bhí meas ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin mar fhíle, rud a bhí,<sup>53</sup> bhí teora leis mar mheas. Tugtar

<sup>49</sup> *Do Pheigí Turraí tar éis a pósta le Seán Ó Tinn* (3 v.) in Eoghan Ó hAnluain, *Seon Ó hUaithnín* (Baile Átha Cliath 1973) 54.

<sup>50</sup> Angela Bourke, ‘The Irish traditional lament and the grieving process’ *Women’s Studies International Forum* 11/4 (1988) 287-91 (ag lch 289) agus ‘More in anger than in sorrow: Irish women’s lament poetry’ in *Feminist messages: coding strategies in women’s folk culture*, ead. Joan Newlon Radner (Chicago 1993) 160-82 (ag lgh 170-4).

<sup>51</sup> Insint ar *Caoine ar Dhiarmuid Mac Cárthaigh* (Il 96-8) a bailíodh i mBéal Átha an Ghaorthaigh agus a d’fhoilsigh Micheál Ó Cuileanáin, ‘Blúire de chaoine’ *Éigse* 4 (1943-5) 127-8 (ag lch 127).

<sup>52</sup> n. 45 thuas.

<sup>53</sup> n. 16 thuas.

faoi ndeara cúig cinn de dhánta a leagtar ar Eoghan Rua nár cuireadh in eagar toisc gur tuigeadh do Risteárd Ó Foghludha go raibh nithe iontu ‘ná hoirfeadh do chúrsaí scoile’ – ach féach nár cuireadh i gcló in aon áit eile iad ach chomh beag (lasmuigh d’aon cheann amháin a foilsíodh le fiordhéanaí).<sup>54</sup>

Díol suime i gcomhthéacs na haiste seo is ea aon cheann amháin díobh dar tús *Ar dhrúcht na maidne is me ag taisteal go rómhoch* nuair a bhuaileann an file le beirt bhan óg ar chiumhais coille:

Ar dhrúcht na maidne is me ag taisteal go rómhoch,  
i n-imeall na coille leathuair roimh lá,  
'na suí cois scairte 'sea dhearcas beirt ógbhan,  
go hatuirseach doilbh dúghruama tláith;  
na deora do bhí a' tíocht go garbh goirt,  
'na ródaibh síos le taoibh a leacan suilt,  
do bhí rós na gcaor 'na ngnaoi ghil gheanamhail,  
d'fhúig me ar a n-amharc gan luail am chnámhaibh.<sup>55</sup>

Cuireann na mná síos ar a saol duairc, iad araon pósta le scaiste a dheineann neamhaird ar fad dá mbanúlacht: ‘an uair shínim síos go caoin chum leapa leis, / 'na phéic ní thíonn aon bhrí dá dheascaibh sin’, cáiseamh dhuine amháin acu, ach gurb ionann cás na mná eile: ‘níl brí 'na bhachall ná tapa 'na phíce, / acht é líonta do ghalar gach n-oíche ' ghnáth’.

Ní heol ach seacht gcinn ar fad de chóipeanna den dán so i mórchorpas na lámhscríbhinní Gaeilge ón ochtú agus ón naoú céad déag – rud atá éagsúil ann féin i gcás dhánta Eoghain Rua, gan dabht. Dob fhéidir a mheas, ar an mbonn san, gur fágadh ar lár sa chéad eagrán filíochta é toisc nár aimsigh a chéad eagarthóir, An tAthair Pádraig Ua Duinnín, aon fhoinsé. Ní hamhlaidh a bhí, áfach, mar gur thagair sé don dán sa réamhrá:

At school he [Eoghan Rua] soon became celebrated as a poet. On one occasion he came late, and, on being asked the reason of his delay, sat down and produced a copy of verses which begins: *Ar dhrúcht na maidne is mé ag taisteal go ró-mhoch*. The humour of the poem comes upon us as an echo, a faint, distant echo, of the mirth of an Irish fireside in those distant days, a mirth which oppression could not quench, and which rang out clear and joyous in spite of poverty and penal laws.<sup>56</sup>

Tá Tír imigéiniúil na nÓg agus an chos ar bolg á lua in éineacht san abairt dheiridh anso ón eagarthóir – cuid den dtuisicint rómánsúil ar an gcultúr Gaelach in aimsir na hAthbheochana. Ach ní oirfeadh abhar an dáin d’aigne an Athar Pádraig Ua Duinnín,

<sup>54</sup> Risteárd Ó Foghludha, *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin* (Baile Átha Cliath 1937) 27; is iad na dánta atá i gceist ná: (i) *Ar cuairt aréir do théarnaigh mise* (7 v.), (ii) *Ar dhrúcht na maidne is me ag taisteal go rómhoch* (7 v.), (iii) *Cois abhann dam im aonar ag déanamh marbhna* (5 v.), (iv) *Insa Mhainistir lá i dtigh tabhairne im aonar bhíos* (8 v.) agus (v) *Lá dá rabhas am aonar ar thaobh leasa ag smaoineamh* (7 v.). Tá uimh. (iii) curtha in eagar le déanaí ag William Mahon, ‘Eoghan Rua Ó Súilleabháin’s aisling parody: *An Phis*’ in *Proceedings of the Seventh Symposium of Societas Celtologica Nordica*, eag. Mícheál Ó Flaithearta, *Studia Celtica Upsaliensia* 6 (Uppsala 2007) 119-35 (tagairt ón Eagarthóir).

<sup>55</sup> Meidhbhín Ní Úrdail, ‘Dán atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin’ (le teacht).

<sup>56</sup> Pádraig Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shuilleabháin* (Baile Átha Cliath 1901) lgh xi-xii.

gan amhras, ná ní mó ná san a d'oirfeadh sé don machnamh piúratánach i ndeireadh an naoú céad déag agus i dtús na haoise seo caite a mheas gur cheart aidhm mhóralta ar ardchaighdeán a bheith ag an litríocht ó bhunús.<sup>57</sup>

## 8. An *Streitgedicht*

Léiríonn an beagán so thuas go raibh cluas faoi leith á tabhairt do chás na mná. Ní hamhlaidh nach raibh ceisteanna á gcur roimhe seo, áfach, mar gheall ar chás agus ar ról na mná, go speisialta, sa phobal. Cuimhnítear ar *Párlíament na mBan* leis an Athair Domhnall Ó Colmáin (fl. 1670-1704), mar shampla, tráchtas próis a chuireann síos ar thionól samhlaíoch ban a tháinig le chéile sa bhliain 1697 i nGleann Maghair ar chiosa chathair Chorcaí chun ionad agus dul chun cinn na mban sa tsochaí a phlé.<sup>58</sup> Ní foláir nó bhí an-éileamh ar an dtéacs anall go dtí deireadh an naoú céad déag, i bhfianaise an daichead éigin lámhscríbhinn, 1723-1874, a bhfuil cóip de mar chuid dá n-abhar.

Díol suime breise is ea aiste filíochta ón naoú céad déag dar teideal *Seanduine Chill Chotáin* a leagtar ar Dhiarmuid 'na Bolgaí' Ó Sé (ob. 1846) ó Thuaithe Ó Siosta.<sup>59</sup> *Streitgedicht* nó briatharchath atá anso idir lánúin phósta, bean óg agus beagmhaith fir a bhí go mór níba shine ná í:

Is dúch doilbh deorach an pósadh bhí agamsa,  
mh'óige ' cheangal le críndonán,  
mar cuireadh le gleo 'na chomhair chun tí an tsagairt me,  
is ar mo chroí ' bhí an atuirse t'réis é rá.  
Rachad go deimhin am' badhb ar mearbhall,  
is níl *tack* insa Ghaibhl mara bhfaghfar scartha me,  
ach mh'aighe ní fhúigfeadh le traghna seanduine  
bhíonn de choíche ag cneadaigh is ag síorchanráil.<sup>60</sup>

Áitíonn an céile fir ar a bhean go leanann mórán buntáistí a saol pósta – aer gach margaidh, seál breá dathannach, bróga greanta, hata síoda agus pillín faoina tóin, rósta ar bhearaibh di, ciotal maith bríomhar ar scalladh istoíche, feoil mhíoneallaigh agus ramharphuins le blaiseadh, agus fuíollach freastalaithe chun tindeála. Dála na mban óg pósta eile thuas, ceanglaíodh an bhean so go hóg chomh maith le 'donán cloíte' agus 'le críonán cloíte fillte crapaithe' in éineacht. Sa tslí chéanna, sáraíonn sí a céile ó thús le fuinneamh agus le fórsa a ciúta cainte; agus i dtreo deireadh an dáin guíonn sí an bás go neamhbhalbh i gcaint thírúil, chanúnach air:

Bhéarfainnse an cíos is é dhíol ar an dtairnge  
d'éinne beó ghlacfadh an gnó so ar láimh,

<sup>57</sup> Brian Ó Cuív, 'Cinsireacht' *Éigse* 11 (1964-6) 252; O'Leary, *The prose literature of the Gaelic revival* 32-5.

<sup>58</sup> Brian Ó Cuív, *Párlíament na mban* (Baile Átha Cliath 1952).

<sup>59</sup> Seán Ó Súilleabháin, *Diarmuid na Bolgaighe agus a chomhursain* (Baile Átha Cliath 1937) 61-4 (10 v.). Tá malairt leagain, *Seanduine Chill Chocáin*, tagtha anuas ó Mhúscraí in eagar ag Cormac Ó hAodha, 'Amhráin ó Mhúscraí bailithe ag Príonséas Ó Ceallaigh' (tráchtas M.Phil., Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 1997) 76-9 agus an t-amhrán céanna le ceol bailithe ag Freeman, 'An Sheanduini II' 286-9; táim buíoch den Dr Seán Ua Súilleabháin as na tagairtí ó Mhúscraí.

<sup>60</sup> Ó Súilleabháin, *Diarmuid na Bolgaighe* 61, ach caighdeánú áirithe a bheith déanta agam ar an ortagrafaíocht.

do chuirfeadh dá chraoibh an clíodhna seandúine  
nó thiocfadh i ngan fhios air i gcómhair é lámhach!  
Nó chuirfeadh á bhá é i lár na fairrge,  
nó chuirfeadh sa díg é is an clái do leagadh air,  
níor bhfearra mar shlí é ná a phíob a chnagadh dhe  
is é fháil tachtaithe uair roim lá!<sup>61</sup>

Mhair an t-agallamh fileata (nó an *Streitgedicht*) isteach sa naoú céad déag. Tá, gan amhras, cosúlacht théamúil áirithe idir ‘Seandúine Chill Chotáin’ Dhiarmada ‘na Bolgaí’ agus dán Mherriman, ach is dócha gur mó fós atá anáil CMO le fáil ar *An Siota* [nó *Sotach*] ‘s a *Mháthair* a d’fhoilsigh ‘An Seabhaic’ (Pádraig Ó Siochfhradha) agus Douglas Hyde.<sup>62</sup> Tá dhá chéad éigin líne sa dán áirithe seo a bhaineann, is cosúil, leis an gClár nó le deisceart na Gaillimhe, agus cé go luaitear 1815 mar dháta cumtha i bhformhór na lámhscríbhinní leis, níl aon deimhniú againn mar gheall ar an té a chum é.<sup>63</sup>

Tá cosúlacht meadarachta idir CMO agus *An Siota* mar go bhfuil cheithre aiceann in aghaidh na líne iontu araon, gutaí inmheánacha i gcomhfhuaim láir sna línte agus ceangal comhfhuaime go minic i ndeireadh chúplaí.<sup>64</sup> Tá cosúlacht struchtúrtha idir an dá théacs chomh maith. Is é Merriman an reacaire ina dhán féin a chuireann tús agus deireadh leis an insint. Ball den lucht éisteachta is ea é leis, áfach, an fhaid is atá an chúirt ina suí. Is amhlaidh don reacaire in *An Siota* é mar gur leis siúd a osclaíonn an dán nuair a bhuaileann chuige:

... cúpla i dtús na hoíche  
go hatuirseach dúch ó shiúl na dtíortha,  
ag lorg na déirce ’s ag éileamh cabharthach,  
is ag guí chun Dé do gach aon dá dtabharfadh.<sup>65</sup>

---

<sup>61</sup> *ibid.* 63.

<sup>62</sup> An Seabhaic, *An Siota ’s a Máthair* (Trá Lí 1909), gan ann ach an téacs lom agus gan aon eolas ar na foinis a úsáideadh, agus ‘An Sotach ’s a Máthair’ *Béaloidias* 6 (1936) 313-28, eagrán atá bunaithe ar ‘fiche leagan beagnach, idir aithris bhéil agus lámhscríbhinní’ (313); cuirtear malairtí áirithe ar fáil chomh maith as cóip ón mbliain 1894 le Pádraig Feiritéar ó Chorca Dhuibhne, i.e. as COB, CF LS 1, lgh 252-9. Chuir Hyde eagrán fara aistriúchán ar fáil (*Abhráin Diadha Chúige Connacht* 294-314) a bhunaigh sé ar thrí cinn d’fhoinsí, i.e. de hÍde LS 60, lgh 68-75, téacs neamhiomlán i lámh Mhíchil Uí Loingsigh ó Chorcaigh (gan aon dáta), de hÍde LS 67, lgh 55-60, a scríobh Seoirse Mac Giolla an Chluig c. 1870 i gClár Chlainne Mhuiris, Maigh Eo, agus téacs Edmond Foley, ‘An Siota agus a Máthair’, *Irisleabhar na Gaedhilge* 6 (1895-6) 91-5. Tá eagrán an tSeabhaic (1936) fara sleachta óna réamhrá curtha ar fáil ag Seán Ó Morónaigh, *Agallamh na héigse: cioradh agus cnuasach* (Gaillimh 2001) 623-33; mar le leagan béaloidis ón gClár, feic Marion Gunn, *A chomharsain éistigi agus amhráin eile as Co. an Chláir* (Baile Átha Cliath 1984) 43-50.

<sup>63</sup> Pádraig de Brún, *Filíocht Sheáin Uí Bhraonáin* (Baile Átha Cliath 1972) 32-3.

<sup>64</sup> Don chosúlacht so, feic Pádraig A. Breatnach, ‘Irish narrative poetry after 1200 A.D.’ *Studia Hibernica* 22-23 (1982-83) 7-20 (ag lgh 8-9).

<sup>65</sup> COB, CF LS 1, lgh 252, ach caighdeánú áirithe a bheith déanta agam ar an ortagrafaíocht. Níl eagrán an tSeabhaic (1936) sásúil ar thrí cúis: (1) ní léir as an ‘fiche leagan beagnach idir aithris bhéil agus lámhscríbhinní’ (n. 62 thuas) cé acu an leagan béil nó leagan lámhscríbhinne is bunús lena théacs tríd síos; (2) cé go ndeirtear gur cóip ‘nach cosamhail leis an gcuid eile’ í cóip Fheiritéar (An Seabhaic, ‘An Sotach’ 313), agus go dtugtar, dá réir, malairtí aisti mar aguisín (*ibid.* 323-5), ní luaitear cuid mhaith áiteanna ina bhfuil téacs na lámhscríbhinne deifreach; (3) tá a bhfuil ann de mhálairtí mídhilis don bhunfhoinse go minic. Ós amhlaidh atá, is as an lámhscríbhinn féin a baintear na tagairtí thuas don dán.

Tugann an reacaire céanna éisteacht do dhíospóireacht bhríomhar idir ‘an cúpla’, bean bhocht agus a siota mic, ar cheisteanna éagsúla sóisialta, agus ní cloistear arís uaidh go dtí deireadh an dáin. Is ina gclabhsúr, leis, a luaitear dáta cumtha an dá thráchtas filíochta – ‘céad is deich fó leith as míle, / dúbail ceart an freastal fuílligh’, i.e. 1780 i gcás CMO (ll 1018-9), agus ‘ocht gcéad déag cúig agus aon deich’, i.e. 1815 i gcás *An Siota*.<sup>66</sup>

Dá éagmais sin, tá cosúlacht théamúil idir an dá théacs toisc go gcuimsíonn siad ar an neamhdhlisteanacht; ar dhianchás mná a saolaítear leanbh di lasmuigh den bpósadh agus ar dhualgas an phobail aire a thabhairt dá leithéid; ar chumhacht na cléire nach mbíonn ionraic, macánta; agus gan amhras ar an bpósadh féin. Go deimhin, cé gurb í an mháthair is mó a chosnaíonn an Eaglais le dílseacht choimeádach in *An Siota*, tá macalla CMO ón dtuiscint seo aici:

Maille le drúis ní cúis ródhaor é,  
is ní é a mbíonn dúil is tnúth gach aon neich;  
ní fheacasa fós bean óg ná aosta  
ná déanann fá thóin an gnó mar néimse.  
Is dá mhéid é a lón is a gcró san drochshaol so  
gan meacan an spóirt ní fhónann aon rud:  
is measa fá dhó do ghnóthaí féinig,  
bheith tugtha do mhóide i gcóir 's in éitheach  
easparta is órd gan gó dá séanadh  
is dalta na hÓighe gach ló dá chéasadh.<sup>67</sup>

Níl an chéad sé líne anso le fáil, ní nach ionadh, in eagrán an tSeabhaic ná Hyde mar gur tuigeadh dóibh, is é is dóichí, go rabhadar mí-oiriúnach chun a bhfoilsithe.<sup>68</sup>

Leanadh de bheith ag tarrac, is fíor, as an bpota céanna stóir dúchais as ar tharraing Brian Merriman a chuid téamaí. Bhí fóram chun díospóireachta á sholáthar ag filí an ochtú céad déag agus díospóireacht is ea í a lean isteach sa naoú céad déag chomh maith. Ar bhonn na samplaí atá luaite san aiste seo, is féidir a mheas gur san ochtú céad déag a tháinig aon díoscúrsa substaintiúil baineann chun cinn i bhfilíocht na Gaeilge. Ghaibh Brian Merriman a pháirt féin sa díospóireacht úd, ach, má ghaibh, níor ghuth aonair in aon chor é.<sup>69</sup>

---

<sup>66</sup> COB, CF LS 1, lch 259. Tá breis plé ar dháta cumtha CMO ag Brian Ó Dálaigh, ‘Brian Merriman and his contemporaries’ *North Munster Antiquarian Journal* 6 (2006) 43-9 (ag lgh 44-5).

<sup>67</sup> COB, CF LS 1, lch 256.

<sup>68</sup> Réiltíní a mharcálann tús easnamhach an véarsa in eagrán Hyde agus leanann na línte ‘Is nidh é bhfuil súil a’s dúil gach aenne ann, / is measa go mór do ghnóthaidh féineach, / bheith ag séanadh Críosta a’s dlighe na cléire’ (Hyde, *Abhráin Diadha Chúige Connacht* 306). Níl aon nod don léitheoir i bhfoirm réiltíní gur fágadh na línte seo ar lár i gcéad eagrán an tSeabhaic (*An Siota* 9) agus níl sa véarsa ach an dá líne ‘is measa fé dhó do ghnóthaí féinig, / ag seunadh Críost is dlighe na cléire’. Na línte céanna atá sa dara eagrán aige (*An Sotach* 319) ach go dtaispeáineann na réiltíní ansúd gur fágadh línte ar lár. Go deimhin, cé go dtugtar na ceithre líne deiridh thuas sna malairtí as COB, CF LS 1, lch 323, ceileann an Seabhac go bhfuil na sé línte tosaigh sa bhfoinse chéanna; cf. Ní Úrdail, ‘The representation of the feminine’ 147.

<sup>69</sup> Gabhaim buíochas le eagarthóir ÉIGSE as moltaí fóna a phlé go tuisceanach liom nuair a bhí an aiste seo á réiteach.

GIORRÚCHÁIN

COB, CF: Cnuasach lámhscríbhinní Phódraig Feiritéar, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.  
de hÍde LS: Lámhscríbhinn ó bhailiúchán Dhubhghlais de hÍde, ar coimeád anois in Ollscoil na hÉireann,  
Gaillimh.

*An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL